FÓGRA POIST: Áisitheoir Pleanála Teanga

á lorg do Limistéar Pleanála Teanga Bhearna & Chnoc na Cathrach

Tá coiste Pleanála Teanga Bhearna & Chnoc na Cathrach ag lorg tairiscintí ó dhaoine / eagrais atá cáilithe agus ag a bhfuil taithí chuí chun seirbhísí pleanála teanga a sholáthar i Limistéar Pleanála Teanga Bhearna & Chnoc na Cathrach.

Beidh an duine/eagras a cheapfar ag obair faoi stiúir an Choiste Pleanála Teanga chun Plean Teanga a ullmhú de réir Acht na Gaeltachta, 2012. I measc na ndualgas a bheidh ar an té a cheapfar, beidh togra taighde le dearadh agus le comhordú, anailís le déanamh ar staid reatha na Gaeilge sa Limistéar agus plean teanga le chur le chéile chun sástacht an Choiste.

Seol tairiscint mar aon le CV chuig Cathaoirleach an Choiste: Coiste Pleanála Teanga Bhearna & Chnoc na Cathrach ag cathaoirptbc@gmail.com nó chuig An Cathaoirleach, Oifig PTBC, Coláiste na Coiribe, Br Bhaile na mBúrcach, Cnoc na Cathrach, Gaillimh **roimh 5i.n. Dé hAoine an 10 Lúnasa 2018**.

Ba chóir go gcuimseoidh an litir tairisceana tuiscint ar an tionscnamh agus ar an gceantar feidhme agus cur chuige molta, chomh maith le meastacháin ar chostas agus ar chlár ama na hoibre.

S20 STRAITÉIS 20 BLIAIN DON GHAEILGE 2010-2030 Ár dTeanga, Ár bPobal
Údarás na Gaeltachta
An Roinn Ealaíon, Oidhreachta, Gnóthaí Réigiúnacha, Tuaithe agus Gaeltachta
Department of Arts, Heritage, Regional, Rural and Gaeltacht Affairs